## Cló Moxon (1680)

glaċaiḋ, agus féuċaiḋ mé: oir ni bfuil féoil na cnáma ag spiorad, mar do ċiti agamsa.

40. Agus an tan a dubhairt sé na neiṫesi, do ṫaisbéin sé dóib a láma agus a ċosa.

41. Agus ar mbeiṫ miċreidmheaċ dóibsion fós tré ġáirdeċas, agus ag dé-nam iongantais, a dubhairt seision riú; an bfuil biaḋ ar biṫ agaib ann so?

42. Agus tugadarsan dó cuid di-asg rósduiġe, agus cuid do ċir ṁeala.

43. Agus ar na nglacaḋ dósan, dúaiḋ sé na bfiaḋnuisision [iád.]

44. Agus a dubhairt sé riú; ag so na briaṫra do labhair mé ribh, a nuair do bhi mé fós bhar bfoċair: gur ab éigin na huile neiṫe atá sgriobṫa a reaċt Mhaoi-si, agus ann sna fáiġib, agus ann sna salmuib am ṫimċeallsa, do coimlionaḋ.

45. Ann sin dosgaoil sé a ttuigse, ionnus go dtuigfidís na sgriopṫuir,

46. Agus a dubhairt sé riú, gur mar so do bhi sé sgriobṫa, agus gur mar so dob éigin do Chriosd fulang, agus eiséirġe ó ṁarbhuib an tres lá:

47. Agus aiṫriġe agus maiṫeam-nas na bpeacaḋ do ṡeanmoir na ainm do na huile ċiniḋeaċuib ag tionnsgnaḋ ó Iá-rusalém.

48. Agus is sibhsi fiaḋnuiseḋa na neiṫeannsa.

49. Agus feuċ, * cuirfiḋ misi geall-amhuin maṫar féin ċugaib: acht fanaiḋ a gcaṫair Iárusalém nó go gcuirṫear cumhachta a nuas umuib.

50. Agus rug sé amaċ go soiṫe Betánia iád: agus ar dtóġbáil a lám, do bheannuiġ sé iád.

51. * Agus tárla ar mbeiṫ dá mbeannuġaḋ dó, gur sgaraḋ riú é, a-gus gur tógbaḋ súas ar neaṁ é.

52. Agus ar na onóruġaḋ dóibsean dfilleadar go Hiárusalém maille le gáirdeaċus mór.

53. Agus do bidís do ġnáṫ ann sa teampoll, ag molaḋ agus ag beannuġaḋ Dé. Amen.

Uilliom Ó Domhnuill, *Tiomna Nuadh ar dtighearna agus ar slanuigheora Iósa Críosd* (Londain, 1681).